Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meán Fómhair 2018 (OR. en)**

**12231/18**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2016/0413(COD)**

**CODEC 1481**
**UD 206**
**ECOFIN 828**
**CRIMORG 123**
**DROIPEN 131**
**EF 238**
**ENFOCUSTOM 186**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialuithe ar airgead tirim a thagann isteach san Aontas nó a imíonn as agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 22 Nollaig 2016, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 33 CFAE agus ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Ar an 12 Meán Fómhair 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 28 Iúil 2017[3].

[1] 15819/16.
[2] 11508/18
[3] IO C 246, 28.7.2017, lch. 22.

4. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, mar sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 49/18 é, a fhormheas mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

- a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá in Aguisín 1, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

I ndiaidh d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle an gníomh reachtach a shíniú, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.